

CINNEADH (AE) 2021/2233 ÓN gCOIMISIÚN
an 14 Nollaig 2021

lena bhformheastar, thar ceann an Aontais Eorpaigh, leasuithe ar Iarscríbhinn 10-A agus Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2021) 8893)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór (“an Comhaontú”) i bhfeidhm an 21 Samhain 2019.
- (2) Le hAirteagal 16.1 den Chomhaontú, bunaítear Coiste Trádála a fhéadfaidh, *inter alia*, leasuithe ar an gComhaontú a bhreithniú, nó forálacha an Chomhaontaithe a leasú i gcásanna dá bhforáiltear go sonrach sa Chomhaontú.
- (3) Foráiltear le hAirteagal 10.17.3 den Chomhaontú go nglacfaidh an Coiste Trádála cinneadh, a luaithe is indéanta tar éis thabhairt i gcrích na nósanna imeachta um thásca geografacha a chosaint, maidir leis na hainmneacha ó Iarscríbhinn 10-A (Liosta ainmneacha atá le cur i bhfeidhm le haghaidh cosanta mar Thásca Geografacha ar chríoch na bPáirtithe) a ghabhann leis an gComhaontú, a liostú in Iarscríbhinn 10-B (Tásca Geografacha faoi Chosaint) a ghabhann leis an gComhaontú.
- (4) Foráiltear le hAirteagal 10.18 den Chomhaontú go gcomhaontaíonn na páirtithe ar an bhféidearthacht leasú a dhéanamh ar liosta na dtásc geografach le haghaidh fionta, biotáillí, táirgí talmhaíochta agus earraí bia a liostaítear in Iarscríbhinn 10-B atá le cosaint ag gach Páirtí.
- (5) Tá an nós imeachta um chosaint tugtha i gcrích ag Poblacht Shingeapór ar a críoch i leith dhá ainm (“Bardolino Superiore”, “Tiroler Speck”) a liostaítear in Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú agus a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh cosanta mar thásca geografacha de chuid an Aontais.
- (6) Tá an nós imeachta um chosaint tugtha i gcrích ag Poblacht Shingeapór ar a críoch i leith aon ainm amháin (“Saint-Emilion Grand Cru”) nár liostaíodh in Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú agus a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh cosanta mar thásca geografach de chuid an Aontais.
- (7) Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, ba cheart an t-ainm “Scotch Whisky” a bhaint de na hainmneacha a liostaítear in Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú i gcomhréir le hAirteagal 10.18 a ghabhann leis an gComhaontú sin.
- (8) Ní chosnaítear an t-ainm “Polish Cherry” san Aontas a thuilleadh agus ba cheart é a bhaint d’Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn 10-A agus Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú trí na trí ainm bhreise sin a liostú in Iarscríbhinn 10-B mar thásca geografacha faoi chosaint de chuid an Aontais agus dhá cheann de na hainmneacha sin a bhaint d’Iarscríbhinn 10-A. Ba cheart na hainmneacha “Scotch Whisky” agus “Polish Cherry” a bhaint freisin d’Iarscríbhinn 10-B agus Iarscríbhinn 10-A faoi seach, mar a leagtar amach sa Dréachtchinneadh atá i gceangal agus ba cheart na leasuithe a fhorghabháil thar ceann an Aontais.
- (10) Chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 10.17.3 agus in Airteagal 10.18 den Chomhaontú a chomhlíonadh a luaithe is indéanta, is iomchuí an cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór (IO L 294, 14.11.2019, lch. 1).

TAR ÉIS A CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Leis seo, déantar na leasuithe ar Iarscríbhinn 10-A agus Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór, mar a leagtar amach sa Dréachtchinneadh ón gCoiste Trádála, a fhorghnóthar ceann an Aontais Eorpaigh.

Leagtar amach an Dréachtchinneadh ón gCoiste Trádála san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Ar an Dréachtchinneadh seo a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Choiste Trádála. Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Choiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste a aontú, gan cinneadh eile ón gCoimisiún.

Airteagal 2

Údaraítear ionadaithe an Aontais Eorpaigh sa Choiste Trádála le cinneadh an Choiste sin a ghlacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Tar éis a ghlactha, foilseofar an Cinneadh ón gCoiste Trádála in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

“DRÉACHTCHINNEADH Uimh. X/2021 ÓN gCOISTE TRÁDÁLA IDIR AE AGUS SINGEAPÓR**an [dáta]****Iena leasaítear Iarscríbhinn 10-A agus Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór**

TÁ AN COISTE TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór, agus go háirithe Airteagal 10.17.3 agus Airteagal 10.18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór (“an Comhaontú”) i bhfeidhm an 21 Samhain 2019.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 10.17.3 den Chomhaontú go nglacfaidh an Coiste Trádála cinneadh, a luaithe is indéanta tar éis thabhairt i gcrích na nósanna imeachta um thásca geografacha a chosaint, maidir leis na hainmneacha ó Iarscríbhinn 10-A (Liosta ainmneacha atá le cur i bhfeidhm le haghaidh cosanta mar Thásca Geografacha ar chríoch na bPáirtithe) a ghabhann leis an gComhaontú, a liostú in Iarscríbhinn 10-B (Tásca Geografacha faoi Chosaint) a ghabhann leis an gComhaontú.
- (3) Foráiltear le hAirteagal 10.18 den Chomhaontú go gcomhaontaíonn na páirtithe faoin bhféidearthacht leasú a dhéanamh ar liosta na dtásc geografach le haghaidh fionta, biotáillí, táirgí talmhaíochta agus earraí bia a liostaítear in Iarscríbhinn 10-B atá le cosaint ag gach Páirtí.
- (4) Rinne Poblacht Shingeapór an nós imeachta um chosaint a thabhairt i gcrích ar a críoch i leith dhá ainm (“Bardolino Superiore”, “Tiroler Speck”) a liostaíodh in Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú agus a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh cosanta mar thásca geografacha de chuid an Aontais.
- (5) Rinne Poblacht Shingeapór an nós imeachta um chosaint a thabhairt i gcrích ar a críoch i leith aon ainm amháin (“Saint-Emilion Grand Cru”) nár liostaíodh in Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú agus a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh cosanta mar thásca geografacha de chuid an Aontais.
- (6) De réir Airteagal 10.18 den Chomhaontú, agus tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, ba cheart an t-ainm “Scotch Whisky” a bhaint de na hainmneacha a liostaítear in Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú.
- (7) Ní chosnaítear an t-ainm “Polish Cherry” san Aontas a thuilleadh agus ba cheart é a bhaint d’Iarscríbhinn 10-A a ghabhann leis an gComhaontú.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn 10-A agus Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú trí na trí ainm bhreise sin a liostú mar thásca geografacha faoi chosaint de chuid an Aontais in Iarscríbhinn 10-B agus dhá cheann de na hainmneacha sin a bhaint d’Iarscríbhinn 10-A. Ba cheart na hainmneacha “Scotch Whisky” agus “Polish Cherry” a bhaint freisin d’Iarscríbhinn 10-B agus Iarscríbhinn 10-A faoi seach.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn 10-A agus Iarscríbhinn 10-B a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.”

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN 10-A

LIOSTA AINMNEACHA ATÁ LE CUR I bhFEIDHM LE hAGHAIDH COSANTA MAR THÁSÇA GEOGRAFACHA
AR CHRÍOCH NA bPÁIRTITHE

ROINN A

Tásca Geografacha de chuid an Aontais

	An Ballstát	Tásca Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge (!)
1.	Poblacht na Seice	Budějovické pivo	Beoracha
2.	Poblacht na Seice	Budějovický měšťanský var	Beoracha
3.	an Ghearmáin	Mittelrhein	Fíon
4.	an Ghearmáin	Rheinhessen	Fíon
5.	an Ghearmáin	Rheingau	Fíon
6.	an Ghearmáin	Mosel	Fíon
7.	an Ghearmáin	Franken	Fíon
8.	an Ghearmáin	Bayerisches Bier	Beoracha
9.	an Ghearmáin	Hopfen aus der Hallertau	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) – Leannlusanna
10.	an Ghearmáin	Schwarzwälder Schinken	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)
11.	an Ghearmáin	Bremer Klaben	Arán, císte milis, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara
12.	an Ghréig	Ρετσίνα Αττικής (Retsina of Attiki)	Fíon
13.	an Ghréig	Σάμος (Samas)	Fíon
14.	an Spáinn	Utiel-Requena	Fíon
15.	an Spáinn	Pacharán Navarro	Biotáille
16.	an Spáinn	Sierra Mágina	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
17.	an Spáinn	Aceite del Baix Ebre-Montsía / Oli del Baix Ebre-Montsía	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
18.	an Spáinn	Aceite del Bajo Aragón	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
19.	an Spáinn	Antequera	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
20.	an Spáinn	Priego de Córdoba	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
21.	an Spáinn	Sierra de Cádiz	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
22.	an Spáinn	Sierra de Segura	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
23.	an Spáinn	Sierra de Cazorla	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige

	An Ballstát	Tásc Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge (!)
24.	an Spáinn	Siurana	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
25.	an Spáinn	Aceite de Terra Alta / Oli de Terra Alta	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
26.	an Spáinn	Estepa	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
27.	an Spáinn	Guijuelo	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Liamhása
28.	an Spáinn	Jamón de Teruel	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Liamhása
29.	an Spáinn	Salchichón de Vic / Llonganissa de Vic	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Ispíní
30.	an Spáinn	Mahón-Menorca	Cáis
31.	an Spáinn	Cítricos Valencianos / Citrics Valencians	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte – Citreas
32.	an Spáinn	Jijona	Arán, císte milis, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara - Eithneagán
33.	an Spáinn	Turrón de Alicante	Arán, císte milis, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara
34.	an Spáinn	Azafrán de la Mancha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) – Cróch
35.	an Fhrainc	Moselle	Fíon
36.	an Fhrainc	Alsace	Fíon
37.	an Iodáil	Pecorino Sardo	Cáis
38.	an Iodáil	Cappero di Pantelleria	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte
39.	an Iodáil	Kiwi Latina	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte
40.	an Iodáil	Lenticchia di Castelluccio di Norcia	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte
41.	an Iodáil	Pesca e nettarina di Romagna	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte
42.	an Iodáil	Pomodoro di Pachino	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte
43.	an Iodáil	Dolcetto d'Alba	Fíon
44.	an Iodáil	Campania	Fíon
45.	an Iodáil	Veneto	Fíon
46.	an Ostair	Steirischer Kren	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte
47.	an Pholainn	Wódka ziołowa z Niziny Północnopodlaskiej aromatyzowana ekstraktem z trawy żubrowej / Herbal vodka from the North Podlasie Lowland aromatised with an extract of bison grass	Biotáille

	An Ballstát	Tásc Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge (¹)
48.	an Phortaingéil	Bairrada	Fíon
49.	an Phortaingéil	Alentejo	Fíon
50.	an Rómáin	Cotnari	Fíon
51.	an Rómáin	Cotești	Fíon
52.	an Rómáin	Panciu	Fíon
53.	an Rómáin	Recaș	Fíon
54.	an Rómáin	Odobești	Fíon
55.	an tSlóvaic	Vinohradnícka oblasť Tokaj	Fíon

(¹) De réir aicmiú na dTásc Geografach a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí a chur i bhfeidhm.

ROINN B

Tásca geografacha Shingepór

IARSCRÍBHINN 10-B

TÁSCA GEOGRAFACHA FAOI CHOSAINT

ROINN A

Tásca Geografacha an Aontais

	An Ballstát	Tásc Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge (¹)
1.	an Chipir	Κουμανδάρια	Fíon
2.	an Chipir	Ζιβανία/Τζιβανία/ Zibána/Zivania	Biotáille
3.	Poblacht na Seice	České pivo	Beoracha
4.	Poblacht na Seice	Českobudějovické pivo	Beoracha
5.	Poblacht na Seice	Žatecký chmel	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) – Leannlusanna
6.	an Ghearmáin	Korn / Kornbrand (²)	Biotáille
7.	an Ghearmáin	Münchener Bier	Beoracha
8.	an Ghearmáin	Nürnberger Bratwürste / Nürnberger Rostbratwürste	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Ispíní
9.	an Ghearmáin	Aachener Printen	Arán, císte milis, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara
10.	an Ghearmáin	Nürnberger Lebkuchen	Arán, císte milis, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara
11.	an Ghearmáin	Lübecker Marzipan	Arán, císte milis, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara

	An Ballstát	Tásc Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge (!)
12.	an Danmhairg	Danablu	Cáis
13.	Éire	Irish Whiskey / Uisce Beatha Éireannach / Irish Whisky	Biotáille
14.	Éire	Irish cream	Biotáille
15.	an Ghréig	Ούζο / Ouzo (?)	Biotáille
16.	an Ghréig	Ελιά Καλαμάτας / Elia Kalamatas	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte – Ológa boird
17.	an Ghréig	Μαστίχα Χίου / Masticha Chiou	Gumaí agus roisín nádúrtha - Guma coganta
18.	an Ghréig	Φέτα / Feta	Cáis
19.	an Spáinn	Málaga	Fíon
20.	an Spáinn	Rioja	Fíon
21.	an Spáinn	Jerez / Xérès / Sherry Jerez-Xérès-Sherry	Fíon
22.	an Spáinn	Manzanilla - Sanlúcar de Barrameda / Manzanilla	Fíon
23.	an Spáinn	La Mancha	Fíon
24.	an Spáinn	Cava	Fíon
25.	an Spáinn	Navarra	Fíon
26.	an Spáinn	Valencia	Fíon
27.	an Spáinn	Somontano	Fíon
28.	an Spáinn	Ribera del Duero	Fíon
29.	an Spáinn	Penedès	Fíon
30.	an Spáinn	Bierzo	Fíon
31.	an Spáinn	Empordà	Fíon
32.	an Spáinn	Priorat	Fíon
33.	an Spáinn	Rueda	Fíon
34.	an Spáinn	Rías Baixas	Fíon
35.	an Spáinn	Jumilla	Fíon
36.	an Spáinn	Toro	Fíon
37.	an Spáinn	Valdepeñas	Fíon
38.	an Spáinn	Cataluña / Catalunya	Fíon
39.	an Spáinn	Alicante	Fíon
40.	an Spáinn	Brandy de Jerez	Biotáille
41.	an Spáinn	Baena	Olaí agus saille (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
42.	an Spáinn	Les Garrigues	Olaí agus saille (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige

	An Ballstát	Tásc Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge (!)
43.	an Spáinn	Jabugo	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Liamhása
44.	an Spáinn	Queso Manchego	Cáis
45.	an Fhrainc	Beaujolais	Fíon
46.	an Fhrainc	Bordeaux	Fíon
47.	an Fhrainc	Bourgogne	Fíon
48.	an Fhrainc	Chablis	Fíon
49.	an Fhrainc	Seaimpéin	Fíon
50.	an Fhrainc	Graves	Fíon
51.	an Fhrainc	Médoc	Fíon
52.	an Fhrainc	Saint-Emilion	Fíon
53.	an Fhrainc	Sauternes	Fíon
54.	an Fhrainc	Haut-Médoc	Fíon
55.	an Fhrainc	Côtes du Rhône	Fíon
56.	an Fhrainc	Languedoc / Coteaux du Languedoc	Fíon
57.	an Fhrainc	Côtes du Roussillon	Fíon
58.	an Fhrainc	Châteauneuf-du-Pape	Fíon
59.	an Fhrainc	Côtes de Provence	Fíon
60.	an Fhrainc	Margaux	Fíon
61.	an Fhrainc	Touraine	Fíon
62.	an Fhrainc	Anjou	Fíon
63.	an Fhrainc	Pays d'Oc	Fíon
64.	an Fhrainc	Val de Loire	Fíon
65.	an Fhrainc	Cognac	Biotáille
66.	an Fhrainc	Armagnac	Biotáille
67.	an Fhrainc	Calvados	Biotáille
68.	an Fhrainc	Comté	Cáis
69.	an Fhrainc	Reblochon / Reblochon de Savoie	Cáis
70.	an Fhrainc	Roquefort	Cáis
71.	an Fhrainc	Camembert de Normandie	Cáis
72.	an Fhrainc	Brie de Meaux	Cáis
73.	an Fhrainc	Emmental de Savoie	Cáis
74.	an Fhrainc	Pruneaux d'Agen	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte – Plumaí cócaráilte triomaithe
75.	an Fhrainc	Huîtres Marennes Oléron	Iasc úr, moilisc, agus crústaigh agus táirgí a fhaightear uathu sin - Oisrí

	An Ballstát	Tásc Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge (!)
76.	an Fhrainc	Canard à foie gras du Sud-Ouest (Chalosse, Gascogne, Gers, Landes, Périgord, Quercy)	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Lachain
77.	an Fhrainc	Jambon de Bayonne	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Liamhása
78.	an Fhrainc	Huile d'olive de Haute-Provence	Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.) Ola olóige
79.	an Fhrainc	Huile essentielle de lavande de Haute-Provence / Essence de lavande de Haute-Provence	Bláthola - Lus liath
80.	an Fhrainc	Saint-Emilion Grand Cru	Fíon
81.	an Iodáil	Aceto balsamico tradizionale di Modena	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) – Anlainn
82.	an Iodáil	Aceto balsamico di Modena	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) – Anlainn
83.	an Iodáil	Cotechino Modena	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)
84.	an Iodáil	Zampone Modena	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)
85.	an Iodáil	Bresaola della Valtellina	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)
86.	an Iodáil	Mortadella Bologna	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)
87.	an Iodáil	Prosciutto di Parma	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Liamhása
88.	an Iodáil	Prosciutto di San Daniele	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Liamhása
89.	an Iodáil	Prosciutto Toscano	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Liamhása
90.	an Iodáil	Provolone Valpadana	Cáis
91.	an Iodáil	Taleggio	Cáis
92.	an Iodáil	Asiago	Cáis
93.	an Iodáil	Fontina	Cáis
94.	an Iodáil	Gorgonzola	Cáis
95.	an Iodáil	Grana Padano	Cáis
96.	an Iodáil	Mozzarella di Bufala Campana	Cáis
97.	an Iodáil	Parmigiano Reggiano	Cáis
98.	an Iodáil	Pecorino Romano	Cáis
99.	an Iodáil	Pecorino Toscano	Cáis
100.	an Iodáil	Arancia Rossa di Sicilia	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

	An Ballstát	Tásc Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge (!)
101.	an Iodáil	Mela Alto Adige / Südtiroler Apfel	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte
102.	an Iodáil	Grappa	Biotáille
103.	an Iodáil	Chianti	Fíon
104.	an Iodáil	Marsala	Fíon
105.	an Iodáil	Asti	Fíon
106.	an Iodáil	Barbaresco	Fíon
107.	an Iodáil	Barolo	Fíon
108.	an Iodáil	Acqui / Brachetto d'Acqui	Fíon
109.	an Iodáil	Brunello di Montalcino	Fíon
110.	an Iodáil	Vino nobile di Montepulciano	Fíon
111.	an Iodáil	Bolgheri Sassicaia	Fíon
112.	an Iodáil	Franciacorta	Fíon
113.	an Iodáil	Lambrusco di Sorbara	Fíon
114.	an Iodáil	Lambrusco Grasparossa di Castelvetro	Fíon
115.	an Iodáil	Montepulciano d'Abruzzo	Fíon
116.	an Iodáil	Soave	Fíon
117.	an Iodáil	Sicilia	Fíon
118.	an Iodáil	Toscana / Toscana	Fíon
119.	an Iodáil	Conegliano – Prosecco / Conegliano Valdobbiadene – Prosecco / Valdobbiadene – Prosecco	Fíon
120.	an Iodáil	Bardolino Superiore	Fíon
121.	an Ostair	Tiroler Speck	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.) – Liamhása
122.	an Ungáir	Tokaj/Tokaji	Fíon
123.	an Ungáir	Törkölypálinka	Biotáille
124.	an Ungáir	Pálinka	Biotáille
125.	an Ungáir	Szegedi téliszalámi / Szegedi szalámi	Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)
126.	an Ostair	Jägertee / Jagertee / Jagatee	Biotáille
127.	an Ostair	Inländerrum	Biotáille
128.	an Pholainn	Polska Wódka/Polish Vodka	Biotáille
129.	an Phortaingéil	Queijo S. Jorge	Cáis

	An Ballstát	Tásc Geografach	Tuairisc an Táirge nó Aicme Táirge ⁽¹⁾
130.	an Phortaingéil	Madeira / Vinho da Madeira / Madère / Vin de Madère / Madeira Wine / Madeira Wein / Madera / Vino di Madera / Madeira Wijn	Fíon
131.	an Phortaingéil	Porto / vinho do Porto / Port / Port Wine / vin de Porto / Oporto / Portvin / Portwein / Portwijn	Fíon
132.	an Phortaingéil	Douro	Fíon
133.	an Phortaingéil	Dão	Fíon
134.	an Phortaingéil	Vinho Verde	Fíon
135.	an Rómáin	Dealu Mare	Fíon
136.	an Rómáin	Murfatlar	Fíon
137.	an Rómáin	Târnave	Fíon
138.	an Fhionlainn	Suomalainen Vodka / Finsk Vodka / Vodca of Finland	Biotáille
139.	an Fhionlainn	Suomalainen Marjalikööri / Suomalainen Hedelmälikööri / Finsk Bärlikör / Finsk Fruktlikör / Finnish berry liqueur / Finnish fruit liqueur	Biotáille
140.	an tSualainn	Svensk Vodca/ Swedish Vodka / Vodca Sualannach	Biotáille

⁽¹⁾ De réir aicmiú na dTásc Geografach a chumhaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí a chur i bhfeidhm.

⁽²⁾ Táirge na Gearmáine, na hOstaire, na Beilge (Pobal na Gearmáinise).

⁽³⁾ Táirge na Gréige nó na Cipire.

ROINN B

Tásca geografacha Shingepór²
